

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 23: *Unikat*



'Unikat' by Eduardo Paolozzi (1924-2005), prionta scáileán síoda

Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Dealbhóir agus ealaíontóir a rugadh in Albain sa bhliain 1924 ba ea Eduardo Paolozzi. Bhog a thuismitheoirí go hAlbain ón Iodáil agus bhí siopa uachtar reoite acu. Thaitin an phacáistíocht gheal ildaite a bhíodh ar an uachtar reoite go mór le Eduardo agus chuaigh an phacáistíocht seo i bhfeidhm ar a shaothar ealaíne. Chomh maith leis sin, bhí tionchar ag Pablo Picasso ar a shaothar, mar aon le cultúr coiteann Mheiriceá agus an tslí a n-úsáideann daoine meaisíní. Roghnaigh Eduardo an teideal 'Unikat' do roinnt mhaith dá shaothair ealaíne, focal a chiallaíonn 'saothar ar leith' nó 'uathúil'.

Ealaín Theibí

Is ealaín nua-aimseartha í Ealaín Theibí agus níl íomhánna ónár ndomhan féin san áireamh inti. Tá línte agus cruthanna agus dathanna le feiceáil in ealaín theibí ach níl sé i gceist go mbeidh ionadaíocht á déanamh acu ar oibiacht nó ar rud beo. Tugann saothair den chineál seo deis dúinn féachaint ar an saothar ealaíne agus ár machnamh a dhéanamh ar cad is brí leis. B'fhéidir go mbeimid ag mothú ar bhealach ar leith nó go gcuirfidh saothar den chineál seo rud éigin eile i gcuimhne dúinn. Is féidir linn ár samhlaíocht a úsáid chun an saothar ealaíne a athrú go dtí rud éigin ónár ndomhan féin nó ón domhan samhailteach.

Caithimis súil ar chruthanna!

Caith súil ghéar ar an saothar ealaíne thíos agus smaoinigh ar an ceisteanna seo...

An féidir leat cearnóg a fheiceáil?

An féidir leat ciorcal a fheiceáil?

An féidir leat triantán a fheiceáil?

An féidir leat dronuilleog a fheiceáil?

An féidir leat heicseagán a fheiceáil?

An féidir leat líne atá ag lúbarnaíl a fheiceáil?

Céard é an cruth is fearr leat?

Céard é an dath is fearr leat?

An féidir leat an cruth is fearr leat agus an dath is fearr leat a fheiceáil sa saothar ealaíne seo?

Samhlaigh!

Céard é an rud atá le feiceáil sa saothar ealaíne seo dar leat? Cathair, ag breathnú anuas ón spéir? Nó spásárthach? Nó go leor uirlisí ceoil? Céard a fheiceann tú?

Céard le haghaidh na cearnóga beaga seo ar fad?


Áit súgartha do luch? Cén cineál súgartha a bheadh á dhéanamh ag an luch anseo? Roghnaigh dath amháin ag an am agus samhlaigh conas a léimfeadh an luch ar an dath sin amháin chun dul ar fud an spáis...

B'fhéidir go bhféadfá scéal a scríobh faoin méid is féidir leat a shamhlú agus faoi na neacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcónaí anseo!


Bleachtair Cruthanna

Tá neart cruthanna sa saothar ealaíne seo ach tá cruthanna le fáil i ngach áit i ndáiríre! Féach ar na cruthanna ar fad atá mórthimpeall ort nár thug tú faoi deara roimhe seo. Bí i do bhleachtair cruthanna...níl ag teastáil uait ach aimsitheoir cruthanna.

Faigh roinnt cairtchláir (oibreoidh bosca gránaigh) agus marcáil aimsitheoir cruthanna do gach cruth atá léirithe thíos. Gearr amach an t-aimsitheoir cruthanna trí shiosúr a úsáid agus fiafraigh de dhuine fásta cabhrú leat. Is féidir leat poill a chur ann le peann luaidhe chun cabhrú leat an taobh istigh de na cruthanna a ghearradh.



Anois tá tú réidh chun súil a chaitheamh mórthimpeall do thí agus cruthanna éagsúla a aimsiú! Beidh roinnt cruthanna mór agus beidh roinnt cruthanna beag, agus is féidir leat zúmáil isteach nó amach trí d'aimsitheoir cruthanna a úsáid. B'fhéidir go bhféadfá grianghraif a ghlacadh cosúil leis na grianghraif thíos chun cabhrú leat smaoineamh ar an cruthanna ar fad a thugann tú faoi deara.





Céard é an cruth is éasca le haimsiú?

Céard é an cruth is deacra le haimsiú?

An bhfuil níos mó cruthanna i seomra amháin seachas seomra eile?

Lean líne amháin

Is féidir leat ealaín theibí de do chuid féin a chruthú trí líne amháin a leanúint. Tosaigh le leathanach bán. Tarraing líne leanúnach mórthimpeall an leathanaigh, tarraing os cionn na líne agus déan cruthanna éagsúla guairneánacha. Lean leis an líne go dtí go sroicheann tú an túsphointe. Ansin, is féidir leat na rannóga éagsúla atá cruthaithe agat a dhathú le dathanna nó cruthanna nó patrúin. Anois, tá saothar teibí uathúil cruthaithe agat. Bain taitneamh as!





Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** Gníomhaíochtaí agus léaráidí forbartha ag Hazel Hurley.